I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an Bhoird Parúil ar an 31 Nollaig 2022 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas do 2022 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

#### *Bunús na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) mar a chuirtear i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an mBord Parúil agus tá mo chuid freagrachtaí eitiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Measaim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam le go mbeidh sí ina bunús le mo thuairim.

#### Tuarascáil ar ábhair seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá eolas áirithe eile curtha i láthair ag an mBord Parúil mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an ráiteas rialaithe agus tuarascáil an bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá mo chuid freagrachtaí as tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceachtaí, leagtha amach san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

**Paul Southern**  
Ar son agus thar ceann  
an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

18 Nollaig 2023

## An t-aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Leagann an ráiteas rialachais amach freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird. Tá na freagrachtaí seo a leanas ag an mBord

- ráitis airgeadais bhliantúla an Bhoird Parúil a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 20 (1) den Acht Parúil 2019
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú cibé acu gur cuí úsáid a bhaint as bonn an ghnóthais leantaigh sa chuntasáiocht, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar thoradh ar chalaos nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 20 (2) agus (3) den Acht Parúil 2019 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird Parúil agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnta faoi cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíríteas ábhartha mar thoradh ar chalaos nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní deimhniú é go mbraithfidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir ISA míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaóis nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir a bheith ag súil leis go réasúnta, go mbeadh tionchar acu ina n-aonar, nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Déanaim rioscaí an mhíríteas ábhartha i leith na ráiteas airgeadais cibé acu de thoradh calaoise nó earráide a aithint agus a mheas; dearaim agus comhlíonaim nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí le go mbeidh sí ina bunús le mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le míthuairisc ábhartha a thagann ó chalaos agus gan í a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míthuairisc a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaos.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach is cuí don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáiochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus na nochtuithe bainteacha.

- Cinnim maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh don chuntasáiocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha i gceist a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas an Bhoird Parúil leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais, murar leor na nochtuithe sin, chun mo thuairim a athrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go dtarlódh imeachtaí nó go mbeadh coinníollacha i gceist sa todhcháí, áfach, a stopfadh an Bord Parúil leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach mar thoradh orthu.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhainfidh léiriú cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach rialachas maidir le, i measc nithe eile, an scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a d'fhéadfainn a aithint le linn m'iniúchta.

Tuairiscím, mar eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- Nach bhfuil an t-eolas go léir nó na mínithe riachtanacha faighte agam do m'iniúchadh, nó
- nach raibh na taifid chuntasáiochta dóthanach chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasáiochta.

### Eolas seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, breithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má dhealraíonn sé go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann maidir leis an bhfaisnéis eile, éilítear orm an fhíríc sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích i gcomhréir leis na comaoineacha speisialta atá ceangailte le comhlachtaí an stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach a seoladh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise faoi rialtacht idirbheart airgeadais a fháil le linn an iniúchta. Tuairiscím má tá aon chás ábhartha nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nár chlóigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.



**An Bord Parúil**  
The Parole Board

**THE PAROLE BOARD**  
**AN BORD PARÚIL**

**RÁITIS AIRGEADAIS**

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

## **AN BORD PARÚIL**

### **Ráitis Airgeadais**

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

| <b>Clár na nÁbhar</b>   | <b>Leathanach</b> |
|---|-------------------|
| Eolas Ginearálta  | 3                 |
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Bhoird                      | 4 - 8             |
| Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha                                  | 9 - 11            |
| Teastas an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste                        | 12-13             |
| Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 14                |
| Ráiteas ar Staid Airgeadais                                       | 15                |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid                                      | 16                |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais                                   | 17 - 23           |

## **AN BORD PARÚIL**

### **Eolas Ginearálta**

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

#### **Seoladh**

Svuít 401, Foirgneamh Chéipil  
Mainistir Mhuire  
Baile Átha Cliath 7  
D07 N4C6

#### **Comhaltaí Boird**

An tUas. Michael White, Cathaoirleach  
Iníon Sinéad McMullan BL  
An Dr Shane McCarthy  
An Dr Patrick Devitt  
An Dr Laura Mannion  
An Dr Sharon Lambert  
An tUas. Paul Murphy  
Iníon Dolores Courtney (a d'éirigh as ar an 15 Feabhra 2022)  
An tArd-Cheannfort Pádraig Dunne  
Iníon Leah McCormack  
An tUas. Paddy Richardson  
Iníon Ann Reade  
An tUas. Kieran Kenny  
An tUas. Andrew Brennan (a ceapadh ar an 02 Meitheamh 2022)

#### **Príomhfheidhmeannach**

Ciairín de Buis (a thosaigh ar an 11 Eanáir 2022)  
Brendan Eiffe (Eatrámhach) – (an 21 Meitheamh 2021 go dtí an 10 Eanáir 2022)

#### **Uimhir Theileafóin**

01 474 8767

#### **Suíomh Gréasáin**

[www.gov.ie/paroleboard](http://www.gov.ie/paroleboard)

#### **Iniúcháirí**

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
3A Sráid an Mhéara Uachtarach  
Baile Átha Cliath 1  
D01 PF7

# AN BORD PARÚIL

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Bhoird

### Rialachas

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt an Bord Parúil i mí Iúil 2021. Breithníonn an Bord Parúil iarratais ar pharúl uathu siúd atá i bpríosún ag cur isteach pianbhreitheanna saoil a luaithe a bheidh ar a laghad 10.5 bliain dá bpiambhreith curtha isteach acu. Mar sin féin, ní thabharfar parúl d'aon duine a bhfuil níos lú ná 12 bhliain de phianbhreith shaoil curtha isteach aige nó aici. Déanann comhaltaí an Bhoird Parúil cinntí maidir le cibé an mbeadh iarrthóir parúil, dá scaoilfí saor é nó í, ina b(h)aoil míchuí do shábháilteacht agus do shlándáil daoine sa phobal, lena n-áirítear íospartaigh, agus an bhfuil an t-iarrthóir parúil athshlánaithe agus an bhfuil sé nó sí in ann ath-imeascadh isteach sa tsochaí. Más iomchuí tabharfar parúl dóibh.

### Feidhmeanna an Bhoird Parúil

Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an Bhoird Parúil leagtha amach san Acht Parúil 2019. I measc na míreanna seasta a bhreithnigh an Bord tá:

- Iarratais ar pharúl
- Rannpháirtíocht agus idirchaidreamh íospartach
- Tuarascálacha ó Fhochoistí an Bhoird
- Tuarascálacha airgeadais
- Cúrsaí rialachais
- Bainistíocht Riosca

Ceanglaítear le hAlt 20 den Acht Parúil 2019 go gcoimeádfaidh an Bord, i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, gach cuntas cuí agus gnáthchuntas ar airgead a fuair agus a chaith an Bord, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ceanglaítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú, agus
- a lua má leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon tráth, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 20. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

## AN BORD PARÚIL

### Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Bhoird

Tá an Bord freagrach as an mbuiséad bliantúil a cheadú. Is mír sheasta do chruinnithe an Bhoird é measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhoird trí thagairt a dhéanamh don bhuiséad. Tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint freisin agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann na ráitis airgeadais léiriú ceart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Bhoird Parúil amhail an 31 Nollaig 2022.

### Bainistíocht

Is iad an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta a dhéanann bainistíocht laethúil ar an bhfoireann agus ar riarachán an Bhoird Parúil. Tá an Príomhfheidhmeannach cuntasach don Bhord as comhlíonadh na bhfeidhmeanna faoin Acht agus cibé feidhmeanna eile a fhéadfaidh an Bord a thabhairt.

### Struchtúr an Bhoird

Tá 13 chomhalta ar an mBord de bhun Alt 10(3) den Acht. Fónann na comhaltaí tofa ar an mBord ar feadh tréimhse dhá nó ceithre bliana. Tháinig an Coiste le chéile ar thrí ócáid déag in 2022.

| Comhaltaí   | Dáta an Cheapacháin                  | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|--------------------------------------|--------------------------------|
| An tUas. Michael White  | 10 Lúnasa 2021                       | 13                             |
| Iníon Sinéad McMullan BL  | 10 Lúnasa 2021                       | 12                             |
| An Dr Shane McCarthy  | 10 Lúnasa 2021                       | 12                             |
| An Dr Patrick Devitt  | 10 Lúnasa 2021                       | 12                             |
| An Dr Laura Mannion   | 10 Lúnasa 2021                       | 13                             |
| An Dr Sharon Lambert  | 10 Lúnasa 2021                       | 12                             |
| An tUas. Paul Murphy  | 10 Lúnasa 2021                       | 13                             |
| Iníon Dolores Courtney  | D'éirigh sí as ar an 15 Feabhra 2022 | 1                              |
| An tArd-Cheannfort Pádraig Dunne                                    | 10 Lúnasa 2021                       | 11                             |
| Iníon Leah McCormack  | 10 Lúnasa 2021                       | 12                             |
| An tUas. Paddy Richardson   | 10 Lúnasa 2021                       | 12                             |
| Iníon Ann Reade   | 10 Lúnasa 2021                       | 12                             |
| An tUas. Kieran Kenny   | 10 Lúnasa 2021                       | 12                             |
| An tUas. Andrew Brennan (a tháinig in ionad Iníon Dolores Courtney) | 2 Meitheamh 2022                     | 7                              |

In 2022 bhunaigh an Bord dhá choiste, an Coiste Airgeadais, Iniúchta, Riosca agus Rialachais (AIRR) agus an Fochoiste Íospartach.

Is iad comhaltaí an Choiste AIRR ná an Dr Shane McCarthy (Cathaoirleach), an tUas. Paddy Richardson agus Iníon Noella Carroll (comhalta seachtrach). Tionóladh cúig chruinniú AIRR in 2022.

Is iad an Dr Laura Mannion, Cathaoirleach Michael White, an Dr Sharon Lambert agus an tUas. Kieran Kenny comhaltaí an Fhochoiste Íospartach. Tháinig an coiste le chéile trí huair in 2022.

## AN BORD PARÚIL

### Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Bhoird

In 2022, íocadh na táillí agus na costais seo a leanas le comhaltáí an Bhoird agus an Choiste AIRR

| Comhaltáí                        | Táille (€)     | Costais (€)   |
|----------------------------------|----------------|---------------|
| An tUas. Michael White           | 20,993         | -             |
| Iníon Sinéad McMullan BL         | 13,166         | -             |
| An Dr Shane McCarthy             | 15,259         | 12,874        |
| An Dr Patrick Devitt             | 13,017         | -             |
| An Dr Laura Mannion              | 13,914         | 9,516         |
| An Dr Sharon Lambert             | -              | 885           |
| An tUas. Paul Murphy             | 15,259         | 2,406         |
| Iníon Dolores Courtney           | -              | -             |
| An tArd-Cheannfort Pádraig Dunne | -              | -             |
| Iníon Leah McCormack             | -              | -             |
| An tUas. Paddy Richardson        | 15,857         | 5,612         |
| Iníon Ann Reade                  | 15,110         | 2,489         |
| An tUas. Kieran Kenny            | 14,362         | 8,882         |
| An tUas. Andrew Brennan          | -              | -             |
| Iníon Noella Carroll (AIRR)      | 849            | 250           |
| <b>IOMLÁN</b>                    | <b>137,786</b> | <b>42,914</b> |

Cúigear comhaltáí: ní bhuaire an Dr Sharon Lambert, Iníon Dolores Courtney, an tArd-Cheannfort Pádraig Dunne, Iníon Leah McCormack agus an tUas. Andrew Brennan táille faoin bprionsabal Aon Duine Amháin, Aon Tuarastal Amháin.

### Nochtadh a Éilítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Bord Parúil ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtaí seo a leanas faoin gCód:

### Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022 de bhreis ar €60,000 a chatagóiriú sna bandáí seo a leanas:

| Raon sochar iomlán na bhfostaithe |           | Líon na bhFostaithe |
|-----------------------------------|-----------|---------------------|
| Ó                                 | Go        | 2022                |
| €60,000                           | - €69,999 | 1                   |
| €70,000                           | - €79,999 | -                   |
| €80,000                           | - €89,999 | 1                   |
| €90,000                           | - €99,999 | 1                   |
| <b>Iomlán</b>                     |           | <b>3</b>            |

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na bliana tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.



## AN BORD PARÚIL

### Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Bhoird Costais Chomhairleachta

Tabhaíodh caiteachas comhairleoireachta €15,217 sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 (2021: nialas).

### Costais Dí

Níor tabhaíodh aon chaiteachas le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2022 (2021: nialas), i ndáil le costais dí, socruithe, idir-réiteach, agus imeachtaí eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe.

### Táillí ar Sheirbhísí Dí

B'ionann na táillí ar sheirbhísí dí a soláthraíodh don Bhord i rith na bliana agus €80,539 (2021: nialas).

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothabhála rangaithe mar seo a leanas:

|                                      | 2022          | 2021         |
|--------------------------------------|---------------|--------------|
|                                      | €             | €            |
| Comhaltaí Boird – Taisteal Thar Lear | -             | -            |
| Baill Foirne – Taisteal Thar Lear    | -             | -            |
| Comhaltaí Boird – Taisteal Intíre    | 42,914        | 3,921        |
| Baill Foirne – Taisteal Intíre       | 13,737        | -            |
| <b>Iomlán</b>                        | <u>56,651</u> | <u>3,921</u> |

### Caiteachas Fáilteachais

Níor tabhaíodh aon chaiteachas fáilteachais le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2022 (2021: nialas).

## AN BORD PARÚIL

### Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Bhoird

#### Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Lúnasa 2016). Tar éis bhliain bhunaithe an Bhoird, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun cloí le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Amhail an 31 Nollaig 2022, chloígh an Bord Parúil leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú leis an eisceacht seo a leanas:

1. Tá Pleananna Bliantúla agus Straitéiseacha á dtabhairt chun críche faoi láthair.

Ar son an Bhoird Parúil



An tUas. Shane McCarthy  
Cathaoirleach an Choiste Airgeadais, Iniúchta,  
Riosca agus Rialachais  
(Sínteoir ainmnithe thar ceann an Bhoird Parúil)

Dáta: 18/12/2023



Iníon Ciairín de Buis  
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 18/12/23

# **AN BORD PARÚIL**

## **Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha**

### **Scóip na Freagrachta**

Bunaíodh an Bord Parúil le héifeacht ón 31 Iúil 2021 i gcomhréir leis an Acht Parúil 2019. Thar ceann an Bhoird Parúil, admháim freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidmiú. Cuireann an fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

### **Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal is féidir a ghlacadh seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go gceadaítear agus go dtaifeadtar idirbhearta i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil.

Tá an Bord sásta go bhfuil na córais, atá i bhfeidhm aige, réasúnta agus oiriúnach ag féachaint dá mhéid, leibhéal caiteachais agus acmhainní foirne agus do nádúr a oibríochtaí. Is próiseas leanúnach é cothabháil an chórais um rialuithe inmheánacha agus tá an córas agus éifeachtacht an chórais faoi athbhreithniú leanúnach.

### **Seirbhísí Comhroinnte**

Ó bunaíodh an Bord Parúil tá leas á bhaint aige as seirbhísí gníomhaireachta íocaíochtaí ó Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus tá Comhaontú Maoirseachta i bhfeidhm aige leis an Roinn.

Rinne an fhoireann bhainistíochta athbhreithniú agus faomhadh ar gach idirbheart ioncaim agus caiteachais a bhaineann leis an mBord Parúil agus cuireadh ar aghaidh chuig na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais iad le haghaidh próiseáil íocaíochtaí agus cothabháil mórleabhair chuntasaíochta.

Phróiseáil an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla (ISCP) párolla thar ceann an Bhoird Parúil don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2022.

### **Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide**

Baineann an Bord Parúil leas as comhsheirbhís tacaíochta TFC ón Roinn Dlí agus Cirt. Tá comhaontú maidir le soláthar seirbhísí curtha i bhfeidhm i dtaca leis an tseirbhís TFC agus tá socrúithe curtha i bhfeidhm chun cúltaca a dhéanamh ar shonraí an Bhoird Parúil.

### **Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta**

Tá córas an Bhoird Parúil um Rialú Inmheánach bunaithe ar chreatlach de ghnáthfaisnéis bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áiríonn sé ach go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a ndéanann an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú rialta air.
- Athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla.
- Córas bainistíochta riosca atá oiriúnach don fheidhm atá leis.
- Freagrachtaí bainistíochta sannta go soiléir, le cuntasacht chomhfhreagrach.

## **AN BORD PARÚIL**

### **Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha**

#### **Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an mBord Parúil a aithníonn agus a thuairisceáil príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an mBord agus na rioscaí sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha. Cheap an Bord Coiste Airgeadais, Iniúchta, Riosca agus Rialachais i mí an Mhárta 2022 freisin.

#### **Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá polasaí bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an mBord Parúil a aithníonn rioscaí, na rialuithe atá i bhfeidhm agus na nósanna imeachta tuairiscithe agus monatóireachta.

Déanann an Bord na mórchinntí straitéiseacha agus tagann sé le chéile go rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Ní ghníomhaíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ach amháin laistigh den údarás arna tharmligean ag an mBord nó de bhun na bhfeidhmeanna sin faoin Acht chun éifeacht a thabhairt do bheartais agus do chinntiú an Bhoird. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus tuairisc a thabhairt ar aon rud atá in easnamh.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun na hearraí agus seirbhísí go léir a cheannach, sonraise a cheadú maidir le hearraí agus seirbhísí, agus údarú íocaíochta i leith earraí agus seirbhísí.
- Déanann an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

#### **Soláthar**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Parúil chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirínte reatha soláthair a chinntiú agus gur chomhlíon an Bord na nósanna imeachta sin i rith 2022.

#### **Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**

Níor aithníodh aon laigí maidir le rialuithe inmheánacha i ndáil le 2022 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

## AN BORD PARÚIL

### Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha

#### Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh.

Mar chuid den iniúchadh inmheánach tugadh faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialuithe inmheánacha don tréimhse 31 Nollaig 2022. Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialuithe inmheánacha don bhliain 2022 i mí Feabhra 2023.

Ar son an Bhoird Parúil



An tUas. Shane McCarthy  
Cathaoirleach an Choiste Airgeadais, Iniúchta,  
Riosca agus Rialachais  
(Sínitheoir ainmnithe thar ceann an Bhoird Parúil)

Dáta: 18<sup>th</sup> Deireadh Fómhair 2023,

## AN BORD PARÚIL

### Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

|   | Nótaí | 12 mhí dar<br>críoch<br>31 Dec 2022<br>€ | 5 mhí dar<br>críoch<br>31 Dec 2021<br>€ |
|---|-------|--|---|
| <b>Ioncam</b>   |       |  |   |
| Deontas   | 2     | <u>1,469,602</u>                         | <u>219,225</u>                          |
| <b>Ioncam Iomlán</b>  |       | <u><u>1,469,602</u></u>                  | <u><u>219,225</u></u>                   |
| <b>Caiteachas</b>   |       |  |   |
| Costais an Bhoird   | 3     | <u>180,700</u>                           | <u>46,215</u>                           |
| Costais Foirne  | 4     | <u>822,437</u>                           | <u>157,281</u>                          |
| Costais Ghinearálta   | 5     | <u>434,024</u>                           | <u>49,581</u>                           |
| Dímheas   | 6     | <u>4,217</u>                             | <u>756</u>                              |
| <b>Caiteachas Iomlán</b>                                    |       | <u><u>1,441,378</u></u>                  | <u><u>253,833</u></u>                   |
| <b>Barrachas/(Easnamh) don tréimhse roimh leithreasáí</b>   |       | <u>28,224</u>                            | <u>(34,608)</u>                         |
| Aistriú ón/(chuig an) gcuntas caipitil                      | 9     | <u>4,217</u>                             | <u>(14,230)</u>                         |
| <b>Barrachas/(Easnamh) don tréimhse tar éis leithreasáí</b> |       | <u>32,441</u>                            | <u>(48,838)</u>                         |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2022          |       | <u>(48,838)</u>                          | <u>-</u>                                |
| <b>Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2022</b> |       | <u><u>(16,397)</u></u>                   | <u><u>(48,838)</u></u>                  |

Áiríonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe na gnóthachain agus caillteanais ar fad a aithníodh sa tréimhse.

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1–14 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Ar son an Bhoird



An tUas. Shane McCarthy  
Cathaoirleach an Choiste  
Airgeadais, Iniúchta,  
Riosca agus Rialachais  
(Sínitheoir ainmnithe thar ceann an  
Bhoird Parúil)

Dáta: 18/12/2023



Iníon Ciairín de Buis  
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 18/12/2023

# AN BORD PARÚIL

## Ráiteas ar Staid Airgeadais Amhail an 31 Nollaig 2022

|   | Nótaí | 2022                  | 2021                   |
|---|-------|-----------------------|------------------------|
|   |       | €                     | €                      |
| <b>Sócmhainní Seasta</b>  |       |                       |                        |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh  | 6     | <u>10,013</u>         | <u>14,230</u>          |
|   |       | <b>10,013</b>         | 14,230                 |
| <b>Sócmhainní faoi láthair</b>  |       |                       |                        |
| Infháltais  | 7     | <b>64,229</b>         | -                      |
| <b>Dlíteanais faoi láthair</b><br><b>Suimeanna Dlíte Laistigh de Bhliain amháin</b> |       |                       |                        |
| Iníocthaigh agus fabhrúithe   | 8     | <u>(80,626)</u>       | <u>(48,838)</u>        |
|   |       | <b>(16,397)</b>       | <u>(48,838)</u>        |
| <b>Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha</b>                                   |       |                       |                        |
|   |       | <b>(6,384)</b>        | <u>(34,608)</u>        |
| <b>Glansócmhainní</b>   |       |                       |                        |
|   |       | <u><b>(6,384)</b></u> | <u><b>(34,608)</b></u> |
| <b>Cúlchistí</b>  |       |                       |                        |
| Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais  |       | <b>(16,397)</b>       | <u>(48,838)</u>        |
| Cuntas Caipitil   | 9     | <u>10,013</u>         | <u>14,230</u>          |
|   |       | <b>(6,384)</b>        | <u><b>(34,608)</b></u> |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1–14 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Ar son an Bhoird



An tUas. Shane McCarthy  
Cathaoirleach an Choiste  
Airgeadais, Iniúchta,  
Riosca agus Rialachais  
(Sínitheoir ainmnithe thar ceann an  
Bhoird Parúil)

Dáta: 18-12-2023



Iníon Ciairín de Buis  
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 18/12/2023

# AN BORD PARÚIL

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

|  | Nótaí | 12 mhí dar<br>críoch<br>31 Nollaig<br>2022<br>€ | 5 mhí dar<br>críoch<br>31 Nollaig<br>2021<br>€ |
|--|-------|---|--|
| <b>Glansreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>         |       |   |  |
| Barrachas/(Easnamh) don tréimhse                                 |       | 28,224  | (34,608)                                       |
| Muirear dímheasa   | 6     | 4,217   | 756  |
| (Méadú)/Laghdú ar infháltais                                     |       | (64,229)  | -  |
| Méadú ar iníocthaigh   |       | 31,788  | 48,838   |
| <b>Glan-insreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>      |       | <u>-</u>  | <u>14,986</u>                                  |
| <b>Glansreafaí Airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta</b>        |       |   |  |
| Méid a leithdháileadh chun breiseanna sócmhainní a mhaoiniú      | 9     | -   | (14,986)                                       |
| <b>Glansreabhadh airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta</b>      |       | <u>-</u>  | <u>(14,986)</u>                                |
| <b>Glansreafaí airgid ó Gníomhaíochtaí Airgeadais</b>            |       | <u>-</u>  | <u>-</u>                                       |
| <b>Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí Airgid</b> |       | <u>-</u>  | <u>-</u>                                       |
| Airgead sa bhanc 31 Nollaig                                      |       | <u>-</u>  | <u>-</u>                                       |

Ar son an Bhoird



An tUas. Shane McCarthy  
Cathaoirleach an Choiste  
Airgeadais, Iniúchta,  
Riosca agus Rialachais  
(Sínitheoir ainmnithe thar ceann an  
Bhoird Parúil)

Dáta: 18-12-2023



Iníon Ciairín de Buis  
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 18/12/2023



# AN BORD PARÚIL

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

### 1. Polasaithe Cuntasaíochta

Tá bunús na cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta ar ghlac an Bord Parúil leo leagtha amach thíos. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na tréimhse.

#### a) Ginearálta

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt an Bord Parúil ar an 31 Iúil 2021 faoi Alt 8 den Acht Parúil, 2019.

Is iad príomhfheidhmeanna an Bhoird, mar atá sonraithe san Acht:

- iarratais ar pharúl
- rannpháirtíocht agus idirchaidreamh íospartach
- faisnéis a sholáthar do dhaoine a bhfuil pianbhreitheanna príosúnachta á gcur isteach acu, d'íospartaigh agus do dhaoine den phobal i ndáil lena fheidhmeanna,
- faisnéis a sholáthar don Aire i ndáil lena fheidhmeanna agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire, arna iarraidh sin dó nó di, chun cabhrú leis nó léi beartas a chomhordú agus a dhéanamh a bhaineann le daoine a scaoileadh saor ó phríosún ar parúl, agus
- d'fhéadfadh an Bord tabhairt faoi thionscadail thaighde agus faoi ghníomhaíochtaí eile bainteach le daoine a scaoileadh saor ar parúl ó phríosún, iad a choimisiúnú nó cabhrú leo, más tionscadail iad a d'fhéadfadh, dar leis an mBord, a bheith cabhrach i bhfeidhmiú a fheidhmeanna, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire a thagann ó na tionscadail nó ó na gníomhaíochtaí sin.

#### b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird Parúil don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2022 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (CTA) sa RA.

#### c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhráithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Dlí agus Cirt le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, de réir Alt 20 den Acht Parúil 2019.

Chinn an Bord nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas an Bhoird Parúil a dhliteanas a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. D'aithin an Bord Parúil easnamh in 2022. Ar an mbonn seo measann an Bord go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áiríonn na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha agus ar rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh an Bord Parúil in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Bhoird Parúil.

## **AN BORD PARÚIL**

### **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

#### **d) Ioncam**

Aithnítear ioncam deontais ar bhonn airgid thirim sna ráitis airgeadais agus is ionann é agus maoiniú deontais a cuireadh ar fáil don Bhord Parúil, trí Vóta 24, An Roinn Dlí agus Cirt.

Meaitseálann ioncam deontais Oireachtais agus ioncam a chuirtear i bhfeidhm ar chaiteachas caipitiúil an tsuim a ghearrtar ar Chuntas Leithreasa na Roinne.

#### **e) Caiteachas**

Déanann an Roinn Dlí agus Cirt an caiteachas ar fad, lena n-áirítear párolla, a phróiseáil agus a thaifeadadh ar bhonn fabhráithe sna ráitis airgeadais.

#### **f) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas**

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Cuirtear dímheas de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn an mhéid chothroim, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, arna gcoigeartú do luach iarmharach, de réir a saolta úsáideacha ionchais mar seo a leanas:

|                        |                              |
|------------------------|------------------------------|
| Trealamh TF            | Méid cothrom thar 3 bliana   |
| Trealamh Oifige        | Méid cothrom thar 5 bliana   |
| Troscán agus Feistis   | Méid cothrom thar 10 mbliana |
| Feabhsúcháin Léasachta | Méid cothrom thar 8 mbliana  |

Meastar luach iarmharach agus saolréanna úsáideacha sócmhainní seasta go bliantúil chun a fháil amach ar tháinig athrú orthu. I gcás ina bhfuil cuma ar an scéal gur tháinig, déanfar athbhreithniú ar an luach iarmharach, ar mhodhanna dímheasa agus ar shaolréanna úsáideacha, agus leasófar iad sin más gá. Tugtar cuntas ionchasach ar athruithe ar rátaí dímheasa a eascraíonn as an athbhreithniú seo thar shaolréanna úsáideacha na sócmhainní.

#### **g) Cuntas Caipitil**

Léiríonn iarmhéid an chuntais chaipitil luach gan amúchadh na gcistí a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

#### **h) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuiltear ag súil leis. Sa chás sin aithnítear na méaduithe nuair a thabhaítear iad.

## **AN BORD PARÚIL**

### **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

#### **i) Sochair Fostaithe**

##### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníochtach sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Is státseirbhísigh iad fostaithe an Bhoird Parúil agus íocfar a ndliteanais pinsin ón vóta aoisliúntais arna bhainistiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní théann teidlíochtaí aoisliúntais thar na socrúithe caighdeánacha do státseirbhísigh.

Tháinig Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 ina dhlí ar an 28 Iúil 2012 agus tugadh Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) isteach a thosaigh le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Beidh gach comhalta foirne nua den Bhord Parúil, atá ina n-iontrálaithe nua san Earnáil Phoiblí, an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin, ina gcomhaltaí den Scéim Aonair. Níl aon táille sna ráitis airgeadais seo d'aon dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le sochair scoir an Bhoird Parúil.

#### **j) Infháltais**

Aithnítear infháltais ag a luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil d'fhiacha amhrasacha agus socraítear í nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Bord Parúil in ann na méideanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

#### **k) Iníocthaigh**

Tomhaistear creidiúnaithe trádála ag praghas an tsonraisc, ach amháin má chuirtear íocaíocht siar thar na gnáth-théarmaí gnó nó má mhaoinítear í ag ráta úis nach ráta an mhargaidh é. Sa chás seo, idirbheart maoinithe atá sa socrú, agus déantar an dliteanas airgeadais a thomhas ag luach reatha íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ag ráta margaidh úis le haghaidh ionstraim fiachais chomhchosúil.

#### **l) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta**

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a dhéanann difríocht do na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais amhail an dáta tuairiscithe agus na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus costas i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhrí a bheith difriúil ó na meastacháin sin.

## AN BORD PARÚIL

### Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

#### 2. Ioncam Deontais

|  | 2022             | 2021           |
|--|------------------|----------------|
|  | €                | €              |
| An Roinn Dlí agus Cirt (Vóta 24 Fotheideal A 17) | <u>1,469,602</u> | <u>219,255</u> |
|  | <u>1,469,602</u> | <u>219,255</u> |

#### 3. Costais an Bhoird agus an Choiste

|   | 2021           | 2021          |
|---|----------------|---------------|
|   | €              | €             |
| Táille an Chathaoirligh   | 20,993         | 5,022         |
| Táillí chomhaltaí an Bhoird agus an Choiste                         | 116,793        | 37,272        |
| Taisteal agus cothabháil (táille chomhaltaí an Choiste san áireamh) | <u>42,914</u>  | <u>3,921</u>  |
|   | <u>180,700</u> | <u>46,215</u> |

#### 4. Costais Foirne

|   | 2022           | 2021           |
|---|----------------|----------------|
|   | €              | €              |
| Tuarastail agus pá (lena n-áirítear ÁSPC ER, Ragobair €2,423) | 798,506        | 157,281        |
| Taisteal agus cothabháil                                      | 13,737         | –              |
| Oiliúint foirne   | <u>10,194</u>  | <u>–</u>       |
|   | <u>822,437</u> | <u>157,281</u> |

Ar an 31 Nollaig 2022 d'fhostaigh an Bord Parúil 20 (2021: 12) ball foirne.

Asbhaineadh Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (RAB) i gcomhréir le riachtanais reachtúla. Asbhaineadh €17,357 de RAB in 2022 (2021: €3,609) agus choinnigh an Roinn Dlí agus Cirt é.

I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2022, d'íoc an Bord Parúil formhór na dtuarastal, ach d'íoc an Roinn Dlí agus Cirt €60,071 thar ceann an Bhoird Parúil, áfach, toisc nár gearradh tuarastail ar ionad costais an Bhoird Parúil.

Níor íocadh aon liúntas nó sochar foirceanta fostaíochta in 2022.

#### 4a. Costais POF

Ba é tuarastal an POF don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 €96,193 agus cuirtear é seo san áireamh sna Costais Foirne thuas (nóta 4). Níor íocadh aon sochair leis an bPríomhfheidhmeannach i rith na bliana. Asbhaineadh Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (RAB) i gcomhréir le riachtanais reachtúla.

## AN BORD PARÚIL

### Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| 5. Costais Ghinearálta                           | 2022           | 2021          |
|--|----------------|---------------|
|  | €              | €             |
| Teileafón  | 3,270          | 3,099         |
| Priontáil, postas, stáiseanóireacht agus stóráil | 11,341         | 1,260         |
| Comhairleoireacht                                | 359            | 448           |
| Costais trealamh TF                              | 37,718         | 1,163         |
| Tacaíocht theicniúil TF                          | 30,000         | 14,400        |
| Trealamh oifige                                  | 2,129          | -             |
| Costais oifige                                   | 2,318          | -             |
| Fógraíocht agus Foilseacháin                     | 44,209         | 3,028         |
| Táillí dlí                                       | 80,539         | -             |
| Iniúchadh  | 8,500          | 8,500         |
| Cuntasaíocht                                     | 15,442         | 14,004        |
| Comhairleacht                                    | 15,217         | -             |
| Cruinnithe agus comhdhálacha                     | 8,718          | 2,790         |
| Cumarsáid agus na meáin                          | 162,638        | 889           |
| Seirbhísí aistriúcháin                           | 9,416          | -             |
| Síntiúis   | 2,210          | -             |
|  | <b>434,024</b> | <b>49,581</b> |

### 6. Maoin, Gléasra agus Trealamh

|                                 | Trealamh Oifige | Trealamh TF  | Iomlán        |
|---------------------------------|-----------------|--------------|---------------|
|                                 | €               | €            | €             |
| <b><u>Costas</u></b>            |                 |              |               |
| Ar an 01 Eanáir 2022            | 5,840           | 9,146        | 14,986        |
| Breiseanna                      | -               | -            | -             |
| Ar an 31 Nollaig 2022           | <u>5,840</u>    | <u>9,146</u> | <u>14,986</u> |
| <b><u>Dímheas</u></b>           |                 |              |               |
| Ar an 1 Eanáir 2022             | 195             | 561          | 756           |
| Táille don bhliain              | 1,168           | 3,049        | 4,217         |
| Ar an 31 Nollaig 2022           | <u>1,363</u>    | <u>3,610</u> | <u>4,973</u>  |
| <b><u>Glanluach Leabhar</u></b> |                 |              |               |
| Ar an 31 Nollaig 2022           | <u>4,477</u>    | <u>5,536</u> | <u>10,013</u> |
| Ar an 31 Nollaig 2021           | <u>5,645</u>    | <u>8,585</u> | <u>14,230</u> |

## AN BORD PARÚIL

### Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

#### 7. Infháltais

|                  | 2022          | 2021     |
|------------------|---------------|----------|
|                  | €             | €        |
| Réamhíocaíochtaí | 64,229        | -        |
|                  | <u>64,229</u> | <u>-</u> |

#### 8. Iníocthaigh agus Fabhruithe

|            | 2022          | 2021          |
|------------|---------------|---------------|
|            | €             | €             |
| Fabhruithe | 80,626        | 48,838        |
|            | <u>80,626</u> | <u>48,838</u> |

Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí bunúsacha.

#### 9. Cuntas Caipitil

|  | 2022           | 2021          |
|--|----------------|---------------|
|  | €              | €             |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh 1 Eanáir                              | 14,230         | -             |
| Cistí leithdháilte chun sócmhainní seasta a fháil                | -              | 14,986        |
| Cistí leithdháilte ar fhorbairt sócmhainní                       | -              | -             |
| Méid amúchta ag teacht le dímheas sócmhainne                     | (4,217)        | (756)         |
| Méid a scaoileadh ón/(chuig an) ráiteas ioncaim agus caiteachais | <u>(4,217)</u> | <u>14,230</u> |
| Amhail an 31 Nollaig   | <u>10,013</u>  | <u>14,230</u> |

De réir an bheartais chuntasaíochta, aithnítear deontais Rialtais bunaithe ar fhíoradhmhálacha. Aithnítear gné na ndeontas seo atá chun sócmhainní inláimhsithe a cheannach agus chun sócmhainní a fhorbairt thar shaolré úsáideach na sócmhainní. Níl aon choinnioll ná teagmhas neamhchomhlíonta ag baint leis na deontais seo.

## **AN BORD PARÚIL**

### **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

#### **10. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara**

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta an Bhoird Parúil comhaltaí an Bhoird agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus costais chomhaltaí an Bhoird agus tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh, agus €233,979.

Tá nósanna imeachta glactha ag an mBord de réir na dtreoirínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo le linn na tréimhse. Ní raibh aon idirbheart sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh leas tairbhiúil ag comhalta Boird.

#### **11. Ceangaltais Léasa**

Chuaigh an Bord isteach ar léas an 9 Nollaig 2022 le tréimhse aon mhí saor ó chíos. Is léas cúig bliana é le cíos bliantúil de €170,000 agus táille seirbhíse bliantúil de €47,814.14.

| <b>Ceangaltas Léasa</b>                   | <b>2022</b> | <b>2021</b> |
|---|-------------|-------------|
|   | €           | €           |
| Iníochta laistigh de bhliain amháin       | 170,000     | 0           |
| Iníochta laistigh de dhá agus cúig bliana | 680,000     | 0           |

Feidhmíonn an Bord Parúil ó Svuít 401, Foirgneamh Chéipil, Mainistir Mhuire, Baile Átha Cliath 7, D07 N4C6.

#### **12. Ceangaltais Chaipitil**

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann ag deireadh na bliana.

#### **13. Imeachtaí tar éis deireadh na bliana tuairiscithe**

Níl aon imeacht idir an dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo lena n-eisiúint a éilíonn coigeartú ar na ráitis airgeadais.

#### **14. Faomhadh ráiteas airgeadais**

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 18 Nollaig 2023.